Is iad muintir na hÉireann a thoghann Comhaltaí Dháil Éireann in olltoghchán. Ní mór olltoghchán a reáchtáil gach cúig bliana ar a laghad. Tá gach saoránach Éireannach agus gach saoránach Briotanach a bhfuil cónaí orthu in Éirinn agus atá 18 mbliana d'aois nó níos sine i dteideal vóta a chaitheamh.

Chun críche na n-olltoghchán, déantar an tír a roinnt ina 39 ceantar ar a dtugtar dáilcheantair. Ní hionann méid na ndáilcheantar go léir agus is féidir go dtoghfar triúr, ceathrar nó cúigear Teachtaí Dála astu. Is féidir teorainneacha dáilcheantair a athbhreithniú bunaithe ar thorthaí athraitheacha daonáirimh.

Baineann Éire úsáid as córas ionadaíochta cionmhaire agus tá aonvóta inaistrithe ag gach vótálaí. Ar lá na vótála, tugtar páipéar ballóide do vótálaithe. Tá ainm na n-iarrthóirí go léir ina ndáilcheantar le fáil ar an bpáipéar ballóide sin. Ní vótálann na vótálaithe d'iarrthóir amháin. Ina ionad sin, is féidir leo vótáil do roinnt iarrthóirí de réir a rogha trí uimhir a haon a shannadh dá gcéad rogha, uimhir a dó a shannadh d'iarrthóir an dara rogha agus mar sin de. I gcás ina bhfaigheann an t-iarrthóir a sannann vótálaí uimhir a haon dó níos mó vótaí uimhir a haon ná a theastaíonn uaidh le bheith tofa, déantar barrachas an iarrthóra sin a athdháileadh. Fágann sé sin go n-aistrítear chuig na hiarrthóirí eile na vótaí uimhir a dó ar na páipéir bhallóide bharrachais.